Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14185/23**

**CLIMA 473**
**ENV 1119**
**MAR 123**
**MI 856**
**ONU 77**
**DELACT 154**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 6748 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.10.2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir leis na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a thuairisciú agus a thíolacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 6748 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 6748 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.10.2023
C(2023) 6748 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.10.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir leis na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a thuairisciú agus a thíolacadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rinneadh Rialachán (AE) 2023/957 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 16 Bealtaine 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm 20 lá ina dhiaidh sin.

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/957 Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a chuimsiú i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bhunaigh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide an 27 Márta 2018. Chun an Rialachán Tarmligthe seo a ullmhú, tionóladh cruinnithe den Ghrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide an 17 Aibreán, an 4 Bealtaine agus an 31 Bealtaine 2023. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin le Fóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe trí chruinnithe comhpháirteacha leis an nGrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide a tionóladh an 4 Bealtaine agus an 31 Bealtaine 2023.

Rinneadh na doiciméid a bhaineann leis na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Na barúlacha a chuir na grúpaí saineolaithe in iúl, cuireadh san áireamh iad agus an dréacht-Rialachán Tarmligthe á ullmhú.

Thairis sin, bailíodh aiseolas ar líne maidir le téacs an Rialacháin Tharmligthe ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh 4 seachtaine idir 03/08/2023 agus 31/08/2023. Cuireadh sé aighneacht isteach, dhá cheann ó shaoránaigh, dhá cheann ó chomhlachais ghnó, ceann amháin ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus ceann amháin ón gcatagóir eile.

Chuir roinnt comhlachais ghnó atá gníomhach san earnáil mhuirí in iúl gur cúis imní dóibh an t-ualach riaracháin a bhfuiltear ag súil leis agus dúbailt fhéideartha na ngníomhaíochtaí fíoraithe mar thoradh ar an oibleagáid atá ar chuideachtaí sonraí fíoraithe faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a thíolacadh. I ndáil leis sin, mhol comhlachas gnó amháin go gcuirfí isteach maolú ar oibleagáid den sórt sin ar chuideachtaí a bhfuil long aonair acu ina gcabhlach. Níor chuir an Coimisiún an moladh sin chun feidhme ós rud é gur oibleagáid é tuairisciú sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a eascraíonn as Airteagal 11a de Rialachán (AE) 2015/757 arna leasú le Rialachán (AE) 2023/957. I dtéarmaí níos ginearálta, níor cheart gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhúbailt. Go deimhin, maidir le fíorú sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta, soiléirítear cheana le hAirteagal 15(6) de Rialachán (AE) 2015/757 arna leasú le Rialachán

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

(AE) 2023/957 nár cheart don fhíoraitheoir tuarascálacha astaíochtaí gach loinge faoi fhreagracht na cuideachta a fhíorú. Ar deireadh, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, timpeallacht TF THETIS-MRV a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le cuideachtaí agus úsáideoirí an chórais lena n-oibleagáidí tuairiscithe a mhéid is féidir, rud a chuideodh leis an ualach riaracháin a theorannú.

Ba dhíol sásaimh ar an iomlán an Rialachán Tarmligthe seo d'eagraíocht neamhrialtasach amháin mar chéim i dtreo níos mó cuntasachta agus laghdú astaíochtaí in earnáil an mhuiriompair, agus roinnt barúlacha á dtabhairt an tráth céanna i ndáil le soiléireacht, cruinneas, príobháideachas agus fíorú sonraí, le hailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta, le sonraí astaíochtaí a cheartú agus le fothú acmhainneachta. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir go dtugtar aghaidh ar fhormhór na ngnéithe a ardaíodh sa chomhthéacs sin, go háirithe maidir le faireachán, foilsiú agus fíorú sonraí, i Rialachán (AE) 2015/757 agus i ngníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara. I ndáil le fothú acmhainneachta, déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, seimineáir ghréasáin a eagrú agus ábhar ar líne a chomhroinnt chun feasacht a mhúscailt agus chun cúnamh a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757.

Is éard a bhí i roinnt barúlacha a fuarthas aiseolas i ndáil leis na modhanna chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh. Ní raibh baint dhíreach ag na barúlacha sin le hinneachar an Rialacháin Tharmligthe seo; dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún na moltaí sin chun feidhme.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaíodh Rialachán (AE) 2015/757 le Rialachán (AE) 2023/957 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a chuimsiú i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long. Le hAirteagal 11a(4) de Rialachán athbhreithnithe (AE) 2015/757 cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta agus maidir leis na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh. Dá bhrí sin, is é is aidhm don Rialachán Tarmligthe seo na rialacha sin a leagan amach go soiléir.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.10.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir leis na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a thuairisciú agus a thíolacadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE[2], agus go háirithe Airteagal 11a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart rialacha a leagan síos maidir le tuairisciú na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta i réimse an mhuiriompair, chomh maith le rialacha maidir leis na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh.

(2) Ba cheart rialacha a leagan síos freisin maidir le sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta a chinneadh ag an údarás riaracháin freagrach i gcásanna sonracha, amhail i gcás nár chuir an chuideachta sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh faoin spriocdháta.

(3) Ní mór na heintitis atá freagrach as comhlíonadh Rialachán (AE) 2015/757 agus Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a shainaithint go soiléir i gcónaí. Chuige sin, agus d'fhonn comhleanúnachas sa riarachán agus san fhorfheidhmiú a áirithiú, foráiltear le Rialachán (AE) 2015/757 nach mór don eintiteas céanna a bheith freagrach as an dá rud. D'ainneoin sin, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht an chur chuige sin le beartais eile de chuid an Aontais agus le

[2] IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

[3] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamhháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

cleachtas idirnáisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757.

(4) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar chomhsheasmhacht ráta nialasaigh bithmhaise, go háirithe bithmhais atá bunaithe ar bhia agus ar bharra beatha, i dTreoir 2003/87/CE le beartais eile de chuid an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún togra a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha.

(5) Chun feidhmiú éifeachtach Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais a áirithiú, atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar ón tréimhse tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2024 a chuimsiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Rialacha tuairiscithe maidir le sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta**

1. Cuirfidh cuideachtaí faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha faireacháin dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757.

2. Áireoidh cuideachtaí an fhaisnéis seo a leanas sna sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta:

(a) sonraí lena sainaithnítear an chuideachta agus na longa atá faoi fhreagracht na cuideachta, mar a leanas:

(i) ainm agus cineál na cuideachta;

(ii) uimhir aitheantais uathúil cuideachta agus úinéara chláraithe IMO;

(iii) tír chlárúcháin na cuideachta, mar a taifeadadh faoin Scéim um Uimhir Aitheantais Uathúil Cuideachta agus Úinéara Chláraithe IMO;

(iv) seoladh na cuideachta;

(v) ainm, teideal poist, seoladh gnó, sonraí teileafóin agus ríomhphoist duine teagmhála;

(vi) an t-údarás riaracháin freagrach;

(vii) liosta long, a dtagann a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, agus atá faoi fhreagracht na cuideachta le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear, i gcás gach loinge, uimhir aitheantais loinge IMO agus uimhir aitheantais uathúil cuideachta agus úinéara chláraithe IMO an úinéara chláraithe, chomh maith leis an tréimhse ar lena linn a bhí an long faoi fhreagracht na cuideachta;

(b) sonraí a bhaineann leis an bhfíorú, mar a leanas:

(i) ainm an fhíoraitheora;

(ii) seoladh an fhíoraitheora;

(iii) uimhir chreidiúnaithe an fhíoraitheora;

(iv) an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta a chreidiúnaigh an fíoraitheoir;

(v) ráiteas an fhíoraitheora;

(c) suim astaíochtaí comhiomlánaithe iomlána gás ceaptha teasa gach loinge atá le tuairisciú faoi Threoir 2003/87/CE mar a chinntear ar leibhéal na loinge i gcomhréir le Cuid C, pointí 1.1 go 1.7, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757, arna sloinneadh ina tonaí de choibhéis $CO_2$ agus dí-chomhiomlánaithe de réir gás ceaptha teasa;

(d) suimeanna astaíochtaí comhiomlánaithe iomlána gás ceaptha teasa gach loinge atá le tuairisciú faoi Threoir 2003/87/CE mar a chinntear ar leibhéal na loinge i gcomhréir le Cuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757, arna ríomh i gcomhréir le:

(i) Cuid C, pointe 1.1, den Iarscríbhinn sin,

(ii) Cuid C, pointí 1.1 agus 1.2, den Iarscríbhinn sin,

(iii) Cuid C, pointí 1.1, 1.2 agus 1.3, den Iarscríbhinn sin,

(iv) Cuid C, pointí 1.1 go 1.4, den Iarscríbhinn sin,

(v) Cuid C, pointí 1.1 go 1.5, den Iarscríbhinn sin,

(vi) Cuid C, pointí 1.1 go 1.6, den Iarscríbhinn sin;

(e) an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáideadh chun sonraí astaíochtaí a chomhiomlánú ar leibhéal cuideachta, lena n-áirítear athruithe ar an modheolaíocht i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

*Airteagal 2*

**Cinneadh astaíochtaí ag an údarás riaracháin freagrach**

1. Déanfaidh an t-údarás riaracháin freagrach meastachán coimeádach ar na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) níor thíolaic an chuideachta sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta faoin sprioc-am dá dtagraítear in Airteagal 11a de Rialachán (AE) 2015/757;

(b) fuarthas amach nach bhfuil na sonraí fíoraithe faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 11a de Rialachán (AE) 2015/757 i gcomhréir leis an Rialachán sin;

(c) níor fíoraíodh go raibh na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta sásúil i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2072 ón gCoimisiún[4].

2. I gcás ina gcinneann fíoraitheoir, sa tuarascáil fíorúcháin de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2015/757, gurb ann do mhíráitis neamhábhartha agus nár cheartaigh an chuideachta iad roimh an ráiteas fíorúcháin a eisiúint, déanfaidh an t-údarás riaracháin freagrach measúnú ar na míráitis sin, agus i gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil na míráitis ábhartha, déanfaidh sé meastachán coimeádach ar na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta.

3. I gcás ina ndéanann an t-údarás riaracháin freagrach meastachán coimeádach ar na sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta, cuirfidh sé in iúl don chuideachta an bhfuil gá le ceartúcháin agus cad iad na ceartúcháin a bhfuil gá leo. Cuirfidh an chuideachta an fhaisnéis sin ar fáil don fhíoraitheoir.

4. Bunóidh na Ballstáit malartú éifeachtúil faisnéise idir na húdaráis inniúla atá freagrach as pleananna faireacháin a fhormheas agus na húdaráis inniúla a fhaigheann sonraí faoi astaíochtaí comhiomlánaithe ar leibhéal cuideachta, i gcás nach ionann na húdaráis sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.10.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2072 ón gCoimisiún an 22 Meán Fómhair 2016 maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar (IO L 320, 26.11.2016, lch. 5).